**RABHADH**
**Ní mór duit an páipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar, nó caillfear marcanna.**

**DON SCRÚDAITHEOIR**

**SCRÚDUIMHIR** ☛

**Iomlán na Marcanna**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH 2004

## EACNAMAÍOCHT BHAILE

## ARDLEIBHÉAL

***DÉ hAOINE 18 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 – 4.30***

**Iomlán na Marcanna 300**

| STAMPA AN IONAID |
|---|
| |

| Do scrúdaitheoirí amháin | |
|---|---|
| **CEIST** | **MARC** |
| Roinn A (Iomlán) | |
| | |
| Roinn B 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| **IOMLÁN** → | |
| **GRÁD** → | |

**TREORACHA**

1. Roinn A - 80 marc.
   Freagair 20 (fiche) ceist ó Roinn A;
   tá na ceisteanna uile ar aon mharc.

2. ***Freagair na ceisteanna sa spás atá ann dóibh.***

3. Ní mór na bileoga freagraí comhlánaithe do Roinn A a thabhairt ar ais d'fheitheoir an scrúdaithe.

4. Roinn B - 220 marc.
   Freagair 4 (ceithre) cheist ó Roinn B;
   tá na ceisteanna uile ar aon mharc.



THALL →

## ROINN A
## 80 marc

**Freagair 20 (fiche) ceist díobh seo a leanas. Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.**

**1.** Liostaigh **ceithre** bhia a bhfuil cion ard siúcra acu.

**(i)** ________________ **(ii)** ________________

**(iii)** ________________ **(iv)** ________________

**2.** Ainmnigh **dhá** chothaitheach faoi **gach ceann** de na ceannteidil seo a leanas:

| MACRACHOTHAITHIGH | MICREACHOTHAITHIGH |
|---|---|
| **(i)** | **(i)** |
| **(ii)** | **(ii)** |

**3.** Mínigh **gach ceann** de na téarmaí atá liostaithe thíos:

**(i)** **saol seilfe** ________________

________________

**(ii)** **meatach** ________________

________________

**4.** Liostaigh **ceithre** bhlas ar féidir leis na blaslóga ar an teanga iad a aithint**.**

**(i)** ________________ **(ii)** ________________

**(iii)** ________________ **(iv)** ________________

**5.** Luaigh **dhá** thionchar a bhíonn ag cócaireacht ar ghlasraí**.**


**(i)** ________________

**(ii)** ________________

**6.** Mínigh an téarma ***conamar:***

Tabhair sampla **<u>amháin</u>** de chonamar.

**7.** Cén t-eolas a chuireann an tsiombail seo in iúl don tomhaltóir?



**8.** Luaigh **<u>dhá</u>** chúis a n-úsáidtear barrachóid.

**(i)**

**(ii)**

**9.** Luaigh **<u>dhá</u>** bhuntáiste a bhaineann le hairgead a choigilt.

**(i)**

**(ii)**

**10.** Mínigh **<u>gach ceann</u>** de na téarmaí seo a leanas:

**(i)** **treoirearraí cailliúna**

**(ii)** **aonad praghsála**


**11.** Liostaigh **<u>ceithre</u>** speansas ba chóir a chur san áireamh nuair a bhíonn buiséad teaghlaigh á phleanáil.

**(i)** **(ii)**

**(iii)** **(iv)**

**THALL →**

**12.** Ainmnigh na codanna den chóras atáirgthe fireann atá lipéadaithe le **A, B** agus **C**.




**A** ______________________________

**B** ______________________________

**C** ______________________________

**13.** Ainmnigh **ceithre** chineál fiacla buana.

**(i)** ______________________________ **(ii)** ______________________________

**(iii)** ______________________________ **(iv)** ______________________________

**14.** Luaigh **trí** fheidhm a bhaineann leis an teaghlach.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**(iii)** ______________________________

**15.** Rianaigh **dhá** dhrochthionchar atá ag tobac a chaitheamh ar an gcorp.

**(i)** ______________________________

______________________________

**(ii)** ______________________________

______________________________

**16.** Liostaigh **ceithre** thoisc ar chóir smaoineamh orthu nuair a bhíonn teilifíseán nua á cheannach.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**(iii)** ______________________________

**(iv)** ______________________________

**17.** Mínigh an aidhm a bhaineann le **gach ceann** díobh seo a leanas maidir le cócaireacht mhicreathoinne:

**(i)** **am seasta** ______________________________

______________________________

**(ii)** **caschlár** ______________________________

______________________________

**18.** Ainmnigh **dhá** shreang i bplocóid leictreach agus luaigh dath(anna) **gach ceann** de na sreanga a ainmnítear.

| AINM NA SREINGE | DATH(ANNA) |
|---|---|
| **(i)** | **(i)** |
| **(ii)** | **(ii)** |

**19.** Luaigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le dea-shoilsiú sa teach.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**20.** Ainmnigh **dhá** ghreim innill agus luaigh úsáid dhifriúil a bhaintear as **gach ceann** díobh.

| GREAMANNA INNILL | ÚSÁID |
|---|---|
| **(i)** ______________ | **(i)** ______________<br>______________ |
| **(ii)** ______________ | **(ii)** ______________<br>______________ |

**21.** Luaigh **dhá** airí inmhianaithe agus **dhá** airí neamh-inmhianaithe a bhaineann le holann mar fhabraic d'éadaí.

| AIRÍONNA INMHIANAITHE | AIRÍONNA NEAMH-INMHIANAITHE |
|---|---|
| **(i)** | **(i)** |
| **(ii)** | **(ii)** |

**22.** Luaigh **dhá** bhealach inar féidir snáth a athrú ina fhabraic.

**(i)** ________________________________________

**(ii)** ________________________________________

**23.** Liostaigh **dhá** réamhchúram ba chóir a dhéanamh nuair a bhíonn smálghlantóir tráchtála á úsáid.

**(i)** ________________________________________

________________________________________

**(ii)** ________________________________________

________________________________________

**24.** Mínigh conas is féidir le **gach ceann** díobh seo a leanas dul i bhfeidhm ar an gcuma atá ar bhall éadaí:

**(i)** **línte ingearacha** ________________________________

________________________________________

**(ii)** **línte cothrománacha** ______________________________

________________________________________

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRUDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH 2004

**EACNAMAÍOCHT BHAILE**

**ARDLEIBHÉAL**

**DÉ hAOINE 18 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA 2.00 - 4.30**

# ROINN B
**(220 MARC)**

**TREORACHA**

Freagair **4** (**CEITHRE)** cheist as an roinn seo; tá na ceisteanna uile ar aon mharc.

## **ROINN B**
## **220 Marc**

**1.** Is cuid thábhachtach d'aiste bia chothromaithe iad torthaí.

| **TORTHAÍ** | PRÓITÉIN | CARBAIHIODRÁIT | MIANRAÍ | VITIMÍNÍ | UISCE |
|---|---|---|---|---|---|
| **ÚR** | Fíorbheagán | 5-20% | Cailciam, Iarann | A, C | 80-90% |
| **STÁNAITHE** | Fíorbheagán | 20-30% | Cailciam, Iarann | A, C *Laghdaithe* | 70-80% |
| **TRIOMAITHE** | Fíorbheagán | 50-60% | Cailciam, Iarann *méadaithe* | A | 15-25% |

**(a)** Agus úsáid á baint as an eolas cothaitheach a thugtar sa tábla thuas:

**(i)** déan comparáid idir an luach cothaitheach atá ar torthaí úra leis an luach cothaithrach atá ag torthaí stánaithe **nó** ag torthaí triomaithe;

**(ii)** luaigh feidhm **amháin** a bhaineann le **gach ceann** de na mianraí atá liostaithe sa tábla;

**(iii)** cad is ciall le "fíorbheagán"?

**(b)** Mol **dhá** úsáid dhifriúla a bhaintear as **gach ceann** de na trí thoradh éagsúla atá liostaithe sa tábla thuas.

**(c)** Liostaigh na buntáistí a bhaineann le torthaí a bheith mar chuid den aiste bia.

**(d)** Luaigh **trí** thionchar a bhíonn ag próiseáil ar thorthaí.

**2.** **(a)** Cad iad na treoirlínte ba chóir a leanúint nuair a dhéantar bácáil bhaile?

**(b)** Liostaigh **trí** ghníomhaí ardúcháin a úsáidtear i mbácáil bhaile agus mínigh conas a oibríonn **ceann amháin** díobh.

**(c)** **(i)** Mínigh an fheidhm a bhaineann le glútan agus arán á dhéanamh.

**(ii)** Déan sceitse den tsiombail atá le fáil ar phlúr agus ar tháirgí atá saor ó ghlútan.

**(d)** Luaigh **dhá** bhuntáiste agus **dhá** mhíbhuntáiste a bhaineann le cumaisc cháca thráchtála a úsáid.

**3.** Cheannaigh Sorcha galiarann nua agus fuair sí amach go raibh an t-iarann ag ligean tríd nuair a d'úsáid sí é.


**(a)** Rianaigh na céimeanna ba chóir do Shorcha a leanúint agus an t-iarann lochtach á thabhairt ar ais go dtí an siopa aici.

**(b)** Ainmnigh **dhá** eagraíocht a bhféadfadh Sorcha dul i dteagmháil leo dá ndiúltódh an siopa freagracht a ghlacadh as an iarann lochtach.

**(c)** Scríobh litir chlamhsáin (ghearáin) Shorcha chuig **ceann amháin** de na heagraíochtaí atá ainmnithe agat.

**(d)** Cad iad na coinníollacha atá rianaithe san '*Acht um Dhíolachán Earraí agus Sholáthar Seirbhísí 1980*'?

**4.** **(a)** Ainmnigh na codanna den chroí atá lipéadaithe le **1, 2, 3, 4** agus **5**.




**(b)** Déan cur síos ar shuíomh an chroí sa chorp.

**(c)** Liostaigh na feidhmeanna atá ag an bhfuil.

**(d)** Ainmnigh **trí** fhuileadán agus rianaigh na difríochtaí atá idir **dhá cheann** ar bith de na fuileadáin atá ainmnithe agat.

**(e)** Mínigh conas a thógtar *cuisle* duine.

5. **(a)** Liostaigh na tosca ar chóir cuimhneamh orthu nuair a bhíonn seomra teaghlaigh á mhaisiú.

**(b)** Tarraing plean an tseomra agus léirigh ar an bplean an suíomh atá ag:
**(i)** an bhfuinneog / nó na fuinneoga; **(ii)** an doras nó na doirse; **(iii)** an troscán **agus** **(iv)** soilsiú oiriúnach.

**(c)** Mol **(i)** scéim dathanna, **(ii)** clúdach urláir agus **(iii)** córas téimh atá oiriúnach don seomra teaghlaigh **agus** luaigh cúis amháin le do mholadh i **ngach** cás.

**(d)** Mínigh an téarma ***cumhdach***.

**6.** Iarradh ort feisteas éadaigh a dhearadh a bheadh oiriúnach d'éadaí caithimh aimsire.

**(a)** Liostaigh na pointí a ndéanfá smaoineamh orthu nuair a bheadh an feisteas á dhearadh agat.

**(b)** Déan sceitse agus déan cur síos ar an bhfeisteas a dhearfá.

**(c)** Mol fabraic(í) oiriúnach(a) don fheisteas **agus** tabhair cúiseanna le do rogha.

**(d)** Déan cur síos ar mhodh **amháin** a d'úsáidfeá chun cuma phearsanta a chur ar an bhfeisteas atá deartha agat.

**(e)** Cad iad na tosca a théann i bhfeidhm ar threochtaí faisin?

# Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán